Téipscript

Topaic: **An Páiste**
Fothopaic: **Caitheamh Aimsire**
Cainteoir: **Caitríona Budhlaeir**

A Chaitríona, bíonn d'iníon Róisín ag scéalaíocht…

Bíonn. Tá ana-shuim aici sa scéalaíocht agus bíonn féile ar siúl anseo go háitiúil do leanaí – is dócha mí Dheireadh Fómhair a bhíonn sé sin ar siúl. Ach bíonn siad ag prapáil don bhféile sin ar scoil. Roghnaíonn siad scéal agus foghlaimíonn na haon leanbh scéal agus bíonn siad ag foghlaim ag baile. Agus bím ag cabhrú léi an scéal a chur de ghlan mheabhair agus mar sin. Agus baineann sí ana-shásamh ar fad as. Agus glacann sí ar dtús páirt sa bhféile áitiúil a bhíonn againn anseo agus ansin…bhuel le dhá bhliain anuas…ghlac sí páirt san Oireachtas, an fhéile bhliantúil a bhíonn ar siúl. Bhí sé ar siúl i *City West* i mBaile Átha Cliath anuraidh ach beidh sé ar siúl i gCill Airne i mbliana.

Nótaí:

Tá canúint na Mumhan ag an gcainteoir, Caitríona. Seo tréithe atá le tabhairt faoi deara ina cuid cainte:

- I gcanúint na Mumhan, baintear úsáid as an réimír '-ana' i gcónaí. Samplaí 'ana-dheas'; 'ana-mhaith'; 'ana-chrosta' etc.
- Baineann Caitríona úsáid as an leagan 'na haon leanbh' ('gach leanbh').
- Baineann sí úsáid as an leagan 'ag baile' ('sa bhaile').